Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2012/0299(COD)**

13153/1/22
REV 1

CODEC 1415
SOC 547
GENDER 159
ECOFIN 959
DRS 50

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 16 Samhain 2012, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 157(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Feabhra 2013[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 30 Bealtaine 2013[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 20 Samhain 2013[4].

[1] 16433/12 + ADD 1 go ADD 3.
[2] IO C 133, 9.5.2013, lgh. 68-76.
[3] IO C 218, 30.7.2013, lgh. 33-41.
[4] 16284/13.

5. An 15 Meitheamh 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar ar tháinig na comhreachtóirí.

6. An 16 Meitheamh 2022, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) agus um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) an comhaontú sealadach agus sheol a gcathaoirligh litir ina dhiaidh sin chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 10521/22 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 10521/22 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Pholainn, an tSualainn agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Eastóin, an Laitvia, Poblacht na Seice agus an tSlóvaic ag staonadh.

8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.